Cé'n fáth go ndeirtear go bhfuil clog cúlta?
Fr.—Mar go mbíonn a lámha ar a aghaidh aige i gcónaí.

Cé'n cluiche a imríonn an domhan agus an ghealach?
Fr.—"Lean an Treorai."

Cé'n t-éan a thig leat a ithe lá troscadh agus tréanais?
Fr. —An corr-iasc.

Píosa adhmaid, giota de sreang mhiotail, teach beag deas gan tine. Céard é?
Fr.—Cás éan.

Cé'n fáth a dtéann an cat treasna na sráide?
Fr.—Le fáil anonn go dtí'n taobh eile.

Níl sé amuigh ort,
Níl sé istigh ort,
Tá sé ort agus
Ní trom leat é?
Fr.—D'ainm.

Cé'n focal a athraíonn cailín go bean?
Fr.—Aois.

Dá gcuirfeá turnaip i n-uisce i rith na hoíche caidé a bheadh agat ar maidin?
Fr.—Turnaip fliuch.

Cé'n dóigh is fearr le iasc a choinneáilt ó bholadh?
Fr.—Gearr amach a srón aisti!

Cúlú in-am

Chuaigh triúr ban chuig an síciatraí agus cúpla páiste óg le gach duine aca. Chuir an síciatraí scrúdú ar an chéad bhean agus dúirt léi: "A bhean chóir, tá gríosú doimhin fóchomhíosach agat d'airgead, agus sin an fáth a dtug tú 'Pingínn' mar ainm ar d'iníon."

Tháinig an dara bean ⁊ scrúdú sé í agus dúirt léi: "A bhean chóir, tá gríosú doimhin fó-chomhfhiosach agat-sa do mhilseáin agus de thairbhe sin thug tú 'Siocláid'" ar do chailín beag."

Nuair a chuala an tríú bean an méid a dúradh leis an bheirt eile, thóg sí a n-iníon óg léi ar ghreim láimhe ag rá: "Amach linn a Fhiona, a tháiscí, táimid ag dul abhaile! "Is fearr rith maith ná droch sheasamh."

Freagra ar dóigh

Tháinig oibrí sóisileach mór-isfiú isteach lá, chuig Caitliceach máthair dháréag páistí. Ba léir nár aontaigh sí leis an teaghlach mór chor ar bith. "Faoi thalamh an domhain," arsa sise léi, "cé'n dóigh a raibh am agat féachaint indiaidh dháréag?" "A bhean chóir," arsan mháthair léi, go mall, soineanta, "Nuair nach raibh agam-sa ach leanbh amháin, thóg sé mo chuid ama uilig, caidé eile thig le dháréag a dhéanamh?"

An spás amuigh

Bhí beirt pósta ag troid agus ansin bhí tost eatorra go ceann tamaill. An tráthnóna sin tháinig an fear na bhaile agus bláthá leis mar bhronntanas chuici, ag súil go ndéanfadh sin suaimhneas eatorra arís. "Éist!" ar sise leis, "Bláthá gan tairbhe! Níl rud ar bith ag teastáil uaim uait-se ach faid slí!

Minic a bhris béal duine

Bhí fear ar a bhealach abhaile oíche amháin, síos sráid dorcha nuair a d'ionsaigh beirt gadaí é. Throid sé go calma, ach sa deireadh bhuaigh siad air agus chuartaigh a phócaí. Ní bhfuair siad ach leathchoróinn sna pócaí. "Agus troid tú mar sin," arsa duine aca leis, "Ar chomh beag le leathchoróinn?" "Níor throid maise," arsa mo dhuine leo, "ach shíl mé go raibh sibh ag lorg an céad punt atá i bhfolach im' bhróga agam!"

Roinn na Gaeltachta le cabhrú le drámaí

Óráid Uí Shiocfhradha ag oscailt na féile

Ó bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Drámaíochta i ndeireadh na bliana, 1959, tá sí ag iarraidh freastal ar gach gné de dhrámaíocht amaitéarach na Gaeilge. Is iad na haidhmeanna a chuir an Chomhairle roimpí:

(a) Cuidiú le cumainn drámaíochta.

(b) Coméagrú ar fhéilte drámaíochta.

(c) Foilsiú drámaí a fhorbairt agus a fheabhsú.

(d) Lár leabharlann de dhrámaí Gaeilge a chur ar fáil agus a riaradh.

(e) Scríobh drámaí a chothú.

(f) Cúrsaí in ealaíon na drámaíochta a reachtáil.

(g) Comhoibriú le hamharclanna ina léirítear drámaí Gaeilge.

Tá éirithe a bheag nó a mhór linn sna haidhmeanna seo cé gur ar an gcaolchuid a bhíomar á dhéanamh ach anois tá a chosúlacht ar an scéal go mbeidh tacaíocht fónta le fáil againn san obair seo ó Roinn na Gaeltachta agus ón gcaidreamh a bhí againn leis an Roinn sin is féidir liom a rá go dtuigimid a chéile agus ar na saolta seo is dea-thuar é sin.

In aois seo an rachmais agus na forbartha eacnamaíochta tá sé níos tábhachtaí ná riamh nach mbeadh forbairt agus cothú an chultúr chun deiridh agus tá's againn go léir gur gné suaitinseach den chultúr í an drámaíocht agus ní féidir barr feabhais a theacht ar an drámaíocht gan tacaíocht chóir ón Stát. Sa méid sin tagaimíl go mór leis an méid a bhí le rá ag Éamonn Guaillí, Uachtarán Irish Actors Equity Association nuair dúirt sé go raibh géarghá ag an Amharclann le tacaíocht an Rialtais agus cá bhfios ná feicimis fós lenár linn mar tá sa bhFrainc Aire Um Chultúr againn.

Arís tá drámaíocht na Gaeilge fite fuaite i ndrámaíocht an Bhéarla ó thaobh aisteoirí. léiritheoirí, scríbhneoirí agus ba ábhar maoithe é cúpla seachtain ó shin moltóirí ag Féilte Drámaíochta Bhéarla a chlos ag moladh na ndrámaí Gaeilge a bhí ag iomaíocht le drámaí an Bhéarla agus ní hamháin san ach iad ag breith na craoibhe leo. Ní fada ó shin ar an ardán seo ó léiríodh dráma clúiteach Máiréad Ní Ghráda ⁊ anois tá an dráma sin aistrithe go Béarla 'gus ag mealladh an pobal arís. Is geal linn go léir an gradam seo do thitim ar dhráma a chéad léiríodh i nGaeilge ⁊ a thuill ardmholadh arís nuair fuair an pobal mór caoi ar é fheiceáil ar an Telefís.

Agus anocht arís beidh caol againn "An Giall" le Breandán Ó Beacháin a fheiceáil, dráma eile a scríobhadh sa Ghaeilge an chéad lá agus a bhfuil cáil domhanda tuillte aige ó shin. Ar an gCéadaoin beidh dráma clúiteach Mhic Liammóir "Diarmaid agus Gráinne" á chur ar an ardán agus níos moille sa tseachtain beidh dá léiriú againn ar dhráma Gerard Ó hEalaigh, "An Stráinséar Dubh."

Tá cumainn drámaíochta sa tír againn atá ionchurtha leis na foirne amaitéaracha is fearr atá ag gabháil de dhrámaí sa Bhéarla. Tá a lán eile atá ag teacht chun cinn agus a shroichfidh barr foirfeachta ach an cúnamh cuí a fháil chuige agus seans a thabhairt don pobal ar thoradh a saothair a fheiceáil. Mar sin tá tábhacht níos mó ná riamh a baint leis na hamharclanna mar an Taibhdhearc Amharclann Ghaoth Dobhair, An Damer agus Compántas Chorcaí agus ní dóigh liom gur féidir a rá go bhfuil saibhreas Damer an Dhioble ag soilliúint ar aon cheann atá luaite agam, faoi láthair ach go háirithe.

Níl aon ní is tábhachtaí sa ghluaiseacht ná go mbeadh cumainn ag léiriú go rialta agus caighdeán ard ag baint leis na léirithe sin agus pobal rialta bheith ag freastal orthu agus tá súil agam fiú má tá an Damer ábhairín beag go mbeidh sé lán go doras gach oíche.

An Connradh mí-shásta le staid na Gaeltachta

Sin an chuid is laige den pháipéar bán

A gcur síos ar an Ghaeltacht, ina óráid uachtarán, luaigh an tUasal Mac Carthaigh arís, nach raibh an Connradh sásta leis an pháipéar bán, agus gur dhúirt siad an méid sin insan ráiteas.

"Is trua linn, go ró speisialta, a easnaimhí dá dtreor, sa mhéid a baineann le fadhb na Gaeltachta do réiteach." Sin é adúradh san ráiteas.

Lean an tUasal Mac Cárthaigh ag cur síos ar an rud adúirt sé féin le linn an ama chéanna—Is féidir go dtiocfaidh mórán feabhais do réir a chéile, ar chúrsaí sa nGaeltacht, do bharr a bhfuil beartaithe, ach béidh an t-athrú ró mhall. Is gá spiorad agus dóchas muintir na Gaeltachta a mhúscailt, le gníomh éigin ar fónamh a dhéanamh go lua. Bhíos ag súil le nua-smaointeoireacht i dtaobh na faidhbe.

Dúirt an tUasal Mac Cárthaigh gur léir uaidh sin, gur cheap siad nach raibh réiteach na faidhbe san Pháipéar Bhán. Ach, meas sé nach raibh rud ar bith ann a chuirfeadh teora leis an méid a dhéanfaí don Ghaeltacht, agus dá m'fhéidir teacht ar plean a mbeadh an réiteach ann, ba dóighe leis go nglacfaí leis. Bhí sé in amhras dá nglactaí le moltaí an Choimisiún go léir, an réiteofaí fadhb na Gaeltachta.

Dúirt sé nach raibh an réiteach aige. agus nár chuala plean a réitithe ó éinne fós. Nárbh ionann cás na Rinne ⁊ cás Ghaot Dobhair. Dhéanfadh an Parish Plan, an Athair Uí Aodha, an leas go deo do pharáiste an Fhirtéirigh. Ach, ní dhéanfadh sé mórán do Rosmuc. Níor bh'fhéidir an fhaidhb a réiteach gan í a thuiscint. Gan an t-eolas agus an tuiscint ní féidir a réiteach. Mar gheall ar sin, mhol sé níos mó ná uair amháin, gur ceart suirbhé a dhéanamh ar an nGaeltacht, ar dhuine nó daoine a mbeadh tuiscint faoi leith acu san nGaeilgeoir. san chomh-bhéineacht ⁊ san anamh-eolaíocht. B'é taobh an gheilleagar an taobh ba tábhachtaí, ach, bhí níos mó ná sin ann. Chaithfí fáil amach cad iad na fórsaí a bhí ag obair in aghaidh na Gaeilge, ⁊ iad a throid agus iad a chur ar neamhní. Bhí na ceantair Gaeltachta chomh beag anois, agus gur b'fhéidir eolas agus aithne a chur ar gach teaghlach, nach mór, in achar ghéarr.

Meas sé go raibh sé riachtanach an tseolas seo a chur. Thógfadh an obair seo cuid mhaith ama. Agus níor mhaith a thuilleadh ama a mheilt. Bhí bunú tionscail sa Ghaeltacht leagtha ar Ghaeltarra Éireann, ach ní ró bháighiúil a bhí sé leis an smaoineamh. Cheap sé nach raibh aon cúis bunúsach nach bhféadfadh Gaeltarra Éireann, an gnó a dhéanamh, ach cur chuige.

Dar leis go raibh na cumhachtaí acu, agus gur bord neamhspleách é, agus go bhféadfadh siad déanamh mar rinn Bord na Móna agus Bord na hAibhléise. Bhí súil aige go gcuirfí chun gnótha leis an oiread céanna fuinnimh agus cumais. Mhol sé do Ghaeilgeoirí fásta agus lucht aithbheochána saoire a chaitheamh sa Ghaeltacht.

Comórtaisí

Aistí na seachtaine seo chugainn

Sinsir:

Córas Rialtais na hÉireann.

Sóisir:

Bealtaine.

Bunscoltacha

An Chuach

Duaiseoirí

Sinsir: Nuala Ní Gheanainn,
Clochar na Trócaire, Béal Átha Liag, Longphoirt.

Ardmholadh; Arlene Nic Aodha,
Naomh Muire, Eadan Doire.

Sóisir: Eilís Ní Choinleáin,
Scoil Clochar Naomh Muire, Eadan Doire.

Ardmholadh: Monica Ní Dhuinn,
Eadan Doire.

— — — — — — — — — — —

Cupón Amárach

30-4-65.

— — — — — — — — — — —

An Charraig

Tá luach mór ar na préataí annseo anois. Ní raibh bárr na bliana anuraidh comh maith agus tá siad gann. Níl préataí ar bith le díol ón cheantar, agus tátar ag tabhairt isteach ó bhaile 'muigh, agus iad ag dul suas le 30s. an com., praghas nár cluineadh ariamh roimhe.

Tá na géacha fiáine ag imeacht le coicís anuas agus do réir chosúlachta, tá muid ag dul isteach san aimsir shamhraidh.

Bhris bád iascaireachta (Seiner) ar siúl óna ancaire i gCuan Eeileann, an geimhreadh seo caite agus siabhadh isteach ar trá Tamhnaigh é, agus tá sé 'na luí ansin go fóill, in aice le Béal na habhna, an áit a bhfuil an tsean páirc peile. Do réir cosúlachta, ní dearnadh damáiste ar bith dó, ach cait sé go raibh brú ar an adhmad, nuair a bhuail an bád in éadan an talamh.

Tá an chuid is mó len treabhadh agus de obair an earraigh déanta anseo anois leis an aimsir bhog, agus tátar réidh le dul i gcionn curaíochta.

Ceann Caslach

Tógadh dealbh an dheas ar fad den Mhaighdean Mhuire, a dhearnadh an dealbhadóireacht de, san Iodáil agus a mheaigh ós cionn leathtonna, díreach ós coinne anonn Teach Pobail Ceann Caslach, i gcuimhne ar na hiascairí óna Rosa, a cailleadh ar farraige, ⁊ go speisialta ar an triúr fear óg, Proinnsias Ó Searcaigh, Donncha Ó Domhnaill, a báitheadh taobh amuigh de Oileán Uaighe. Ceann Caslach, trí bliana ó shoin, nuair a bhuail a mbád in éadan carraig faoi uisce.

Léigh Amárach

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheannaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMÁRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMÁRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ... ...

Seoladh ... ...

Síntiús ... ... istigh do cóip de AMÁRACH

ó ... ... go ... ...